OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

| | |
|---|---|
| Cód: | QA202 |
| Teideal: | **Léachtaí agus Seisiúin Teagaisc Fhoirmiúla eile a bheith á dTaifeadadh ag** |
| Dáta: | 06/06/2018 |
| Faomhadh: | Foghlaim, Teagasc agus Measúnacht |

## Réamhrá

1. Aithnítear san Ollscoil go mbíonn roinnt cúiseanna ann a mbeadh mic léinn ag iarraidh léachtaí nó seisiúin teagaisc fhoirmiúla eile (e.g. seimineáir agus ranganna) a thaifeadadh chun cuidiú lena gcuid foghlama. Aithnítear freisin, i bhformhór na gcásanna, go bhfanann cóipcheart i léachtaí leis an Ollscoil nó leis an lucht acadúil atá freagrach as an léacht nó as an seisiún teagaisc foirmiúil, agus go bhféadfadh imní a bheith ar lucht acadúil agus ar mhic léinn maidir le príobháideacht agus cosaint sonraí. Leagtar amach sa pholasaí seo na cásanna inar féidir taifeadtaí den sórt sin a dhéanamh; róil agus freagrachtaí faoi seach na ndaoine a bhfuil baint acu le taifeadtaí den sórt sin; agus na himpleachtaí a bheadh ag sáruithe ar an bpolasaí seo.

2. Chun críocha an pholasaí seo, tagraíonn an téarma 'taifeadadh' d'aon taifeadadh fuaime nó físe ar léacht nó ar sheisiún teagaisc foirmiúil eile, a dhéantar le haon chineál taifeadáin fuaime nó amhairc.

## Cead léacht nó seisiún teagaisc foirmiúil eile a thaifeadadh

3. Mic léinn ar tugadh cead dóibh léachtaí nó seisiúin teagaisc fhoirmiúla eile a thaifeadadh mar shocrú réasúnta ar chúiseanna a bhaineann le míchumas, ní gá dóibh cead a iarraidh ar lucht acadúil aonair taifead a dhéanamh. Ba cheart do mhic léinn a chreideann go bhfuil cúiseanna a bhaineann le míchumas acu chun taifeadadh a dhéanamh dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (http://www.nuigalway.ie/disability/) chun tuilleadh eolais a fháil faoin bpróiseas a bhaineann leis an gcead sin a fháil.

4. Féadfaidh mic léinn cead a iarraidh chun léachtaí nó seisiúin teagaisc fhoirmiúla eile a thaifeadadh. Ba cheart gach iarratas den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn (trí ríomhphost san áireamh) roimh an gcúrsa, chuig an lucht acadúil atá freagrach. Faoi réir mhír 3 thuas, is de rogha an lucht acadúil a dhéantar an cinneadh maidir le cead a thabhairt. Ní féidir le mic léinn léachtaí a thaifeadadh ach amháin sa chás go bhfuil cead tugtha ag an lucht acadúil atá freagrach as an seisiún roimh thús na léachta i scríbhinn (e.g. trí ríomhphost), agus ní féidir le mic léinn taifeadtaí a dhéanamh ar léachtaí mura bhfuil cead tugtha. Ní cheadaítear iarratas a dhéanamh i ndiaidh na léachta faoin bpolasaí seo agus déileálfar le taifeadadh ceilte ar léachtaí mar chion araíonachta.

5. Ba chóir do mhic léinn a bhfuil cead acu i scríbhinn chun seisiún teagaisc foirmiúil a thaifeadadh, seachas léacht, a iarraidh ar cheannaire an tseisiúin a sheiceáil ag tús an tseisiúin nach bhfuil aon duine atá i láthair i gcoinne taifeadadh a bheith á dhéanamh.

Tá an polasaí seo bunaithe ar Pholasaí Ollscoile Oxford ar Léachtaí agus Seisiúin Teagaisc Fhoirmiúla eile a bheith á dTaifeadadh ag Mic Léinn.

6. Sa chás go gcuireann Scoil nó Disciplín taifeadtaí ar fáil go rialta, ní féidir le mic léinn taifeadtaí pearsanta a dhéanamh mura mbeidh cead tugtha dóibh taifead a dhéanamh mar shocrú réasúnta.

## Taifid a úsáid

7. Ní féidir taifeadtaí léachtaí nó seisiúin teagaisc fhoirmiúla eile a dhéanamh ach amháin le haghaidh úsáid phearsanta agus phríobháideach an mhic léinn.

8. Níl cead ag mic léinn:
   (a) na taifeadtaí sin a chur ar aghaidh chuig aon duine eile (ach amháin chun críocha trascríofa, agus sa chás sin ní féidir iad a chur ar aghaidh ach chuig duine amháin);
   (b) na taifeadtaí sin a fhoilsiú i bhfoirm ar bith (áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dóibh, an t-idirlíon agus foilseachán cruachóipe).

9. Féadfaidh mic léinn taifeadtaí ar léachtaí a stóráil ar feadh ré a gcláir staidéir. Nuair a bheidh an clár staidéir críochnaithe acu, ba cheart do mhic léinn gach taifead léachtaí nó seisiún teagaisc foirmiúil eile a scriosadh.

## Cur i bhFeidhm

10. Sa chás go sáraíonn mac léinn an polasaí seo, féachfaidh an Ollscoil air seo mar chion araíonachta. Déileálfar le gach sárú den sórt sin de réir Chód Iompraíochta na Mac Léinn.

## Freagrachtaí

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| AMT | Úinéir an Pholasaí |
| An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais | Mic léinn a bhfuil cúis a bhaineann le míchumas acu a shainaithint le haghaidh taifeadta |
| Mic léinn | Cead a iarraidh chun taifead a dhéanamh, i scríbhinn, chuig an lucht acadúil atá freagrach, roimh an taifeadadh.<br>Gach taifeadadh a scriosadh nuair a bheidh an clár staidéir críochnaithe. |
| Comhaltaí foirne acadúla | Freagra a thabhairt ar iarratas ó mhic léinn ar mhodh tráthúil agus a chur in iúl go soiléir an bhfuil cead deonaithe nó nach bhfuil. |
| Ceannaire an tSeisiúin | Déan deimhin de nach bhfuil aon duine eile atá i láthair ina choinne |

Tá an polasaí seo bunaithe ar Pholasaí Ollscoile Oxford ar Léachtaí agus Seisiúin Teagaisc Fhoirmiúla eile a bheith á dTaifeadadh ag Mic Léinn.